Preasráiteas
15 Deireadh Fómhair 2012

Cluichí oideachais ar fáil do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile

Tá acmhainní oideachais idirghníomhacha don bhunscoil agus don iar-bhunscoil ar fáil anois ar logainm.ie ag http://www.logainm.ie/Cluichi/. Tá na hacmhainní oideachais seo dírithe ar dhaltaí sna ranganna sinsearacha sa bhunscoil agus ar dhaltaí san idirbhliain san iar-bhunscoil ach is féidir leas a bhaint astu ag leibhéil eile.

Tá na hacmhainní á soláthar mar áis do theagascóirí agus do dhaltaí. Cuid lárnach d'oidhreacht na hÉireann is ea na logainmneacha. Tá súil againn go gcuideoidh na hacmhainní seo le múineadh agus le foghlaim na na Gaeilge ar bhealach spreagúil.

Chruthaigh Fiontar (DCU), i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) ábhar na n-acmhainní agus d'fhorbair *Modello Design Ltd*. na hacmhainní féin. Mhaoinigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) cruthú na n-acmhainní oideachais idirghníomhacha.

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil: crosfhocail, cuardaigh focal, cluichí meaitseála agus cluichí *tarraing agus scaoil*. Tá na hacmhainní i nGaeilge agus tá siad bunaithe ar na hacmhainní oideachais statacha atá ar fáil cheana ag http://www.logainm.ie/scoil/?uiLang=ga.



Is suíomh Gréasáin é www.logainm.ie chun an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar *c*.100,000 áit ar fud na tíre a chur ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 5.9 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008.